An Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais

European Parliament

# FÓGRA COSANTA SONRAÍ

**Is ráiteas príobháideachais cineálach é seo, chun sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le nósanna imeachta dámhachtana a bhainistiú maidir le soláthar, deontais agus roghnú saineolaithe, agus forghníomhú conarthaí (soláthar agus saineolaithe) a bhainistiú agus comhaontuithe (deontais) a chur chun feidhme.**

**Oibríocht phróiseála:** Nósanna imeachta dámhachtana a bhainistiú maidir le soláthar, deontais agus roghnú saineolaithe, agus forghníomhú conarthaí (soláthar agus saineolaithe) a bhainistiú agus comhaontuithe (deontais) a chur chun feidhme.

**Rialaitheoir sonraí:** Parlaimint na hEorpa, go sonrach an t-eintiteas mar a luaitear san fhógra san Iris Oifigiúil, cuireadh chun páirt a ghlacadh nó cuireadh chun tairisceana a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, leis an gconradh nó leis an gcomhaontú.

**Clár na nÁbhar:**

**1. Réamhrá**
**2. Cuspóir na hoibríochta próiseála**
**3. Cé na forais dlí faoina bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta?**
**4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**
**5. Cá fhad a choimeádtar sonraí pearsanta?**
**6. Conas a dhéanaimid do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus a choimirciú?**
**7. Cé aige a bhfuil rochtain ar do chuid sonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?**
**8. Cad iad na cearta atá agat agus conas is féidir leat iad a fheidhmiú?**
**9. Faisnéis teagmhála**
**10. Cén áir ar féidir faisnéis níos mionsonraithe a fháil?**


## 1. Réamhrá

Tá Parlaimint na hEorpa tiomanta bhur gcuid sonraí pearsanta a chosaint agus do chuid príobháideachais a urramú. Déanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le **Rialachán (AE) 2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin.

Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo an chúis atá le próiseáil do chuid sonraí pearsanta, an tslí a mbailímid na sonraí pearsanta ar fad a chuirtear ar fáil, a ndéileálaimid leo agus a gcinntímid go gcosnaítear iad, conas a úsáidtear an t-eolas sin agus cé na cearta atá agat maidir le do chuid sonraí pearsanta. Sonraítear ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach ar féidir leat do chearta a fheidhmiú leis, an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Baineann an ráiteas príobháideachais seo leis an oibríocht phróiseála ‘nósanna imeachta dámhachtana a bhainistiú maidir le soláthar, deontais agus roghnú saineolaithe, agus forghníomhú conarthaí (soláthar agus saineolaithe) a bhainistiú agus comhaontuithe (deontais) a chur chun feidhme’, arna dhéanamh ag an bParlaimint mar a chuirtear i láthair thíos.

## 2. Cuspóir na hoibríochta próiseála

Is gá próiseáil sonraí pearsanta ag Parlaimint na hEorpa agus nósanna imeachta dámhachtana (soláthar, deontais, saineolaithe) á mbainistiú agus bainistiú á dhéanamh ar fhorghníomhú conarthaí (soláthar, saineolaithe) agus cur chun feidhme comhaontuithe (deontais) a thugtar i gcrích le linn na nósanna imeachta. Tá Parlaimint na hEorpa freagrach as na hoibríochtaí próiseála sin mar Rialaitheoir, maidir le bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta.

Tá sé de dhualgas ar an ábhar sonraí na sonraí sonraí pearsanta a sholáthar chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta comhfhreagrach, Airteagal 15(2)(e) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Ní úsáidfear do chuid sonraí pearsanta le haghaidh aon chinnteoireachta uathoibrithe lena n-áirítear próifíliú.

Más ábhar sonraí seachtrach thú, nuair a fhaigheann an Pharlaimint faisnéis a bhaineann le nós imeachta dámhachtana, conradh nó comhaontú (e.g. doiciméad iarratais, cumarsáid) uait, féadfaidh seirbhísí na Parlaiminte sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil chun an nós imeachta, conradh nó comhaontú a bhainistiú.

Más ábhar inmheánach sonraí thú, féadfaidh seirbhísí na Parlaiminte sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil mar chuid d’úsáid a bheith á baint agat as uirlisí corparáideacha TF eSubmission a thacaíonn le nósanna imeachta dámhachtana a bhainistiú, conarthaí a fhorghníomhú (soláthar, saineolaithe) agus comhaontuithe (deontais) a chur chun feidhme.

## 3. Cé na forais dlí faoina bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta?

Tá na hoibríochtaí próiseála maidir le sonraí pearsanta a dhéantar faoi chuimsiú an tsoláthair, na ndeontas agus roghnú saineolaithe agus forghníomhú conarthaí a bhainistiú agus comhaontuithe a chur chun feidhme riachtanach agus dleathach faoi Airteagal 5 (1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2018/1725:

- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais;
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;
- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí nó chun bearta a dhéanamh arna n-iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé conradh.

Is é an Rialachán Airgeadais[1] an bunús dlí le haghaidh na n-oibríochtaí próiseála maidir le sonraí pearsanta, go háirithe:

- Airteagal 33 agus Airteagal 36 i gcás prionsabail maidir le bainistíocht fhónta airgeadais agus feidhmíocht,
- Airteagail 160 go 179 maidir le nósanna imeachta soláthair,
- Airteagail 180 go 200 maidir le hiarratais ar dheontais,
- Airteagal 237 go hAirteagal 238 maidir le saineolaithe a roghnú.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**

Soláthraíonn ábhair sonraí seachtracha sonraí pearsanta nuair a:
- ghlacann siad páirt i nós imeachta dámhachtana maidir le soláthar, deontais nó roghnú saineolaithe; agus
- conradh a fhorghníomhú (soláthar, saineolaí) nó comhaontú (deontas) a dámhadh orthu a chur chun feidhme.

Soláthraíonn ábhair sonraí seachtracha sonraí pearsanta nuair a:
- dhéanann siad bainistiú nós imeachta dámhachtana maidir le soláthar, deontais nó roghnú saineolaithe;
- dhéanann siad bainistiú ar fhorghníomhú (soláthair, saineolaí) nó cur chun feidhme comhaontaithe (deontais);
- forbairt, cothabháil agus tacú le húsáid chórais TF eSubmission a thacaíonn leis an gcuspóir thuas mar chuid de phróisis ghnó; agus
- rochtain a fháil ar chórais TF chorparáideacha eProcurement chun críoch éadálacha trí nós imeachta nó conradh soláthair, nó chun cúram faireacháin, iniúchta nó cigireachta a dhéanamh agus dlí an Aontais Eorpaigh á chur i bhfeidhm.

**Catagóirí sonraí pearsanta**

Ag brath ar cibé an bhfuil an t-ábhar sonraí seachtrach nó inmheánach don Pharlaimint, féadfar sonraí éagsúla a phróiseáil lena n-áirítear:

<u>Ábhar sonraí seachtarach don Pharlaimint:</u>

- Sonraí aitheantais: ainm, sloinne, uimhir phas, uimhir aitheantais, seoladh IP;
- Feidhm;
- Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin ghnó, uimhir fóin póca, uimhir facs, seoladh poist, ainm agus na cuideachta agus na roinne, tír chónaithe, seoladh idirlín);
- Deimhnithe maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus cánacha a íocadh, sliocht as taifid bhreithiúnacha;
- Sonraí airgeadais: tagairt do chuntas bainc (cóid IBAN agus BIC), uimhir CBL;
- Faisnéis chun critéir roghnúcháin nó critéir incháilitheachta a mheas: saineolas, scileanna teicniúla agus teangacha, cúlra oideachais, taithí ghairmiúil lena n-áirítear sonraí faoi fhostaíocht reatha agus roimhe seo;
- Dearbhú ar onóir nó a choibhéis maidir le critéir eisiaimh, critéir roghnúcháin agus/nó critéir incháilitheachta; agus
- Sonraí a bhaineann leis an gcóras: Ainm logála isteach agus pasfhocal Sheirbhís Fíordheimhniúcháin an Choimisiúin Eorpaigh (EU Login) (stóráilte i EU Login amháin), sonraí slándála/ comhaid logála (le haghaidh rianta iniúchóireachta).

<u>Ábhar sonraí inmheánach don Pharlaimint:</u>

- Sonraí aitheantais: ainm, sloinne, seoladh ríomhphoist, seoladh IP;
- Sonraí eagrúcháin: eagraíocht, stiúrthóireacht, aonad etc.;
- Sonraí nós imeachta; Údarás Conarthach;
- Tascanna agus ról; agus
- Sonraí a bhaineann leis an gcóras: Ainm logála isteach agus pasfhocal Sheirbhís Fíordheimhniúcháin an Choimisiúin Eorpaigh (EU Login) (stóráilte i EU Login amháin), sonraí slándála/comhaid logála (le haghaidh rianta iniúchóireachta).

## 5. Cá fhad a choimeádtar do shonraí?

Coinneofar do shonraí pearsanta go ceann cúig bliana ón dáta a thabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don bhliain airgeadais lena mbaineann na doiciméid. Tar éis don tréimhse choinneála sin dul in éag, scriosfar na sonraí pearsanta. Féadfar na sonraí pearsanta a úsáid chun críocha staidrimh, agus sa chás sin beidh siad i ndíth ainm go hiomlán.

D'ainneoin na tréimhse coinneála thuas, ba cheart a thabhairt faoi deara:

- Mar chuid dá cleachtais ghinearálta bainistíochta doiciméad, féadfar comhad de chuid Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le nós imeachta dámhachtana, conradh nó comhaontú agus a chuimsíonn sonraí a roghnú nó a shampláil ag deireadh na tréimhse coinneála, agus féadfar roinnt sonraí a choinneáil dá bharr i gCartlann Stairiúil na Parlaiminte;
- féadfar aon tréimhse coinneála sonraí a fhadú go sealadach más rud é go bhfuil faireachán, iniúchadh ar thasc cigireachta agus dlí an Aontais Eorpaigh á chur i bhfeidhm (e.g. iniúchtaí inmheánacha, an Painéal um Neamhrialtachtaí Airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 93 den Rialachán Airgeadais, an Painéal Eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise - OLAF) fós ar siúl; agus
- déantar aon ghníomh a dhéanann ábhair sonraí i gcórais TF corparáideacha eSubmission a thaifeadadh faoina EU login gan tréimhse choinneála shainithe chun ceisteanna ar ábhair airgeadais, chonarthacha agus chuntasaíochta a chumasú chomh maith le chun críoch rianta iniúchóireachta.

## 6. Conas a dhéanaimid do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus a choimirciú?

I gcás ina bhfuil sonraí i bhfoirm leictreonach, stóráiltear iad ar fhreastalaithe Pharlaimint na hEorpa. Áirithíonn ceanglais slándála nach féidir ach le daoine ainmnithe rochtain a fháil ar na sonraí a choimeádtar chun tabhairt faoi na hoibríochtaí próiseála.

I gcás ina gcoinnítear sonraí i bhformáid pháipéir, stóráiltear iad in áitreabh sheirbhísí inniúla Pharlaimint na hEorpa. Déantar rochtain ar an áitreabh agus laistigh den áitreabh a rialú.

## 7. Cé aige a bhfuil rochtain ar do chuid sonraí agus cé dó a nochtar iad?

Chun na críche a shonraítear thuas, tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta do na daoine seo a leanas, gan dochar do tharchur féideartha chuig na comhlachtaí atá i gceannas ar thasc faireacháin nó cigireachta i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh:

- Baill foirne na Parlaiminte agus i gcás nósanna imeachta idirinstitiúideacha freisin baill foirne institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile lena mbaineann chomh maith le saineolaithe seachtracha agus conraitheoirí a oibríonn thar ceann na Parlaiminte chun:
  1) nósanna imeachta dámhachtana a bhainistiú maidir le soláthar, deontais agus roghnú saineolaithe;
  2) forghníomhú conarthaí (soláthar agus saineolaithe) a bhainistiú agus comhaontuithe deontais a chur chun feidhme;
  3) forbairt, cothabháil agus tacú le húsáid chórais chorparáideacha TF eSubmission.

- maidir le conarthaí a dhámhtar mar chuid de nós imeachta soláthair, foireann na Parlaiminte a fhéadfaidh an conradh a úsáid nó a fhéadfaidh an fhaisnéis (seachas sonraí pearsanta) a bhaineann leis an gconradh a úsáid chun críche nósanna imeachta soláthair amach anseo amháin;
- comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu tasc faireacháin, iniúchta nó cigireachta a dhéanamh agus dlí an Aontais Eorpaigh á chur i bhfeidhm;
- baill den phobal a fhaigheann sonraí conraitheoirí nó tairbhithe a dhéantar a phoibliú i gcomhréir leis an Rialacháin Airgeadais, go háirithe Airteagail 38(2) agus 163. Foilsítear na sonraí ar shuíomh gréasáin infheidhme Pharlaimint na hEorpa. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le soláthar an chláir seo, féach an taifead i gclárlann an Oifigigh Cosanta Sonraí.

I gcomhthéacs rialuithe inmheánacha airgeadais, féadfaidh faighteoirí na sonraí pearsanta na sonraí a chur i gcomparáid le haon fhaisnéis atá ar fáil i bhfoinsí poiblí, lena n-áirítear ar na meáin shóisialta.

## 8. Cad iad na cearta atá agat agus conas is féidir leat iad a fheidhmiú?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14 go 25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart chun do shonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a scriosadh agus an ceart chun próiseáil do sonraí pearsanta a shrianadh.

Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta a dhéantar go dleathach ar fhorais a bhaineann le do chás áirithe.

Tarraingítear aird ar leith ar iarmhairtí iarrata ar scriosadh, mar d'fhéadfadh athrú ar théarmaí na tairisceana a bheith mar thoradh air sin agus diúltú teacht as i gcomhréir le hAirteagail 151 agus 141 den Rialachán Airgeadais.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí, nó, i gcás coinbhleachta, an t-Oifigeach Cosanta Sonraí. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Tugtar a bhfaisnéis teagmhála faoi Cheannteideal 9 thíos.

## 9. Faisnéis teagmhála

- An Rialaitheoir Sonraí

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá barúlacha, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a chur isteach maidir le bailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis teagmhála a luaitear, mar shampla, i bhfógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, i gcuireadh chun páirt a ghlacadh nó i gcuireadh chun tairisceana a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, leis an gconradh nó leis an gcomhaontú, agus trí d'iarratas a shonrú go sainráite.

- Oifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa.

I gcás aon cheisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta, féadfaidh ábhair sonraí teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir. Féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh freisin le hOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa maidir le saincheisteanna a bhaineann le próiseáil do

shonraí pearsanta faoi Rialachán AE (2018/1725) ag: *Parlaimint na hEorpa*, *KAD 06A001*, *Plateau du Kirchberg*, *L-2929 Lucsamburg*, teil.: *+352 4300 23595*, ríomhphost: data-protection@ep.europa.eu.

- An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS)
Tá sé de cheart agat dul ar iontaoibh (i.e. is féidir leat gearán a dhéanamh) an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu, má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí, ag: *60 rue Wiertz, B-1047 Bruxelles*, teil. *+32 2 2831900*, ríomhphost: edps@edps.europa.eu.